An Roinn Oideachais
Department of Education

6 Bealtaine 2022

A Phríomhoide, a chara

Maidir leis an gcomhfhreagras ar an 5 Aibreán ó mo chomhghleacaí Deirdre Shanley i dtaca le tacaíocht a sholáthar do leanaí atá ag teacht ón Úcráin ba mhaith liom an t-eolas breise seo a leanas a sholáthar duit.

Béim ar leas a bhaint as an acmhainn atá ann cheana:
Beidh sé ríthábhachtach go mbainfear leas as acmhainn reatha gach scoile ar an mbealach is solúbtha agus is féidir chun tacú le leanaí ón Úcráin atá á gclárú inár scoileanna. Tá acmhainn mhaith ar fud na tíre go ginearálta, cé go bhféadfadh brúnna acmhainne a bheith i gceantair áirithe. Cuirfear socruithe teagmhasacha i bhfeidhm chun na brúnna acmhainne sin a bhainistiú.

Tá sé an-tábhachtach go mbainfear leas iomlán as an acmhainn atá ann cheana i mbaile nó i gceantar sula bhféachtar ar riachtanais chóiríochta breise trí réitigh chóiríochta lasmuigh den láthair nó réitigh chóiríochta mhodúlacha etc. Ní mór é sin a chur san áireamh sa chinnteoireacht maidir le rollú ar leibhéal na scoile aonair. Tá sé i bhfad níos fearr agus níos éifeachtaí acmhainn a úsáid ar fud na scoileanna go léir i mbaile nó i gceantar ná mar a bheadh sé do scoil amháin nó do líon beag scoileanna chun líon mór leanaí ón Úcráin a chlárú lena spreagfaí iarratas ar chóiríocht bhreise. Chun é sin a dhéanamh teastóidh comhar agus comhoibriú maith idir scoileanna, le tacaíocht de réir mar is gá tríd an bhfoireann áitiúil REALT. Cuirfidh Aonad Pleanála agus Tógála na Roinne eolas faoi acmhainn ar an gcóras scoile ar fáil chun tacú le hobair na bhfoirne REALT agus chun cuidiú leo. Éileofar i measúnú na Roinne ar aon iarratais ar chóiríocht bhreise go mbeifear sásta go mbaintear leas iomlán as acmhainn i ngach scoil eile sa bhaile nó sa cheantar. Ba cheart do scoil teagmháil a dhéanamh lena foireann áitiúil REALT mura bhfuil dóthain acmhainne aici chun freastal ar leanaí ón Úcráin ar mian leo clár inti. Tá na sonraí teagmhála ábhartha ar fáil ag https://www.etbi.ie/regional-education-and-language-teams-for-ukraine/

Suirbhé ar Iarbhunscoileanna:
Bhí rannpháirtíocht na n-iar-bhunscoileanna lenár suirbhé ar líne ar an acmhainn freastal ar leanaí ón Úcráin an-dearfach. Agus an suirbhé curtha i gcrích ag beagnach 95% de na scoileanna anois, sainaithníodh acmhainn náisiúnta de thart ar 3,000 - 4,000 scoláire ar fud gach ceann de na bliainghrúpaí lena mbaineann thart ar 18,000-20,000 áit scoile ar an iomlán. Tá sé i gceist go dtiocfaidh tuilleadh méadaithe air sin nuair a bheidh an suirbhé déanta ag gach iar-bhunscoil. Moltar go mór d'iar-bhunscoileanna nach bhfuil an suirbhé críochnaithe acu fós é sin a dhéanamh toisc go gcuideoidh an t-eolas a sholáthrófar go mór lenár bhfreagairt chomhroinnte ar an gcás seo gan fasach, go háirithe i gcomhthéacs brúnna acmhainne áitiúla a shainaithint. Má

tá aon deacrachtaí agat an suirbhé a rochtain nó a chomhlánú déan teagmháil le do thoil le SchoolCapacitySurvey@education.gov.ie nó 057 9324461 (Rogha 2) chun cúnamh a fháil.

Úsáidfear faisnéis maidir le hacmhainn ó thuairisceáin rollaithe an 30 Meán Fómhair 2021 ar POD a chuir gach bunscoil ar fáil mar aon le sonraí na Roinne ar bhuaicrollú do gach scoil mar thráscaire ar acmhainn ar an leibhéal bunoideachais. Cé go bhfuil acmhainn fhoriomlán mhaith ann ar an leibhéal bunoideachais i bhfianaise an chuair anuas ar dhéimeagrafaic, tá sé i gceist, mar sin féin, suirbhé gairid um acmhainn ar líne maidir le scoileanna speisialta agus bunscoileanna a dhéanamh cosúil leis an gceann a rinneadh ar an leibhéal iar-bhunoideachais mar chuid de shocruithe do phleanáil theagmhasach. Tá sé beartaithe go gcuirfear na socruithe chuige sin in iúl do na scoileanna roimh dheireadh mhí na Bealtaine.

Meabhrúchán lena chinntiú go gcoinneofar POD agus PPOD cothrom le dáta maidir le rolluithe:
Is iad an POD agus PPOD na córais a úsáidtear chun sonraí a fháil ar fud na mbunscoileanna agus na hiar-bhunscoileanna go léir i dtaca le rollú leanaí ón Úcráin. Meabhraítear do scoileanna an tábhacht a bhaineann lena chinntiú go gcuirfear rolluithe isteach ar na córais POD agus PPOD ar bhonn tráthúil agus go gcoinneofar cothrom le dáta iad, de réir mar is gá, chun teacht le haon athruithe nó athrú ina dhiaidh sin maidir leis na rolluithe sin. Cuideoidh sé sin lena chinntiú go léireofar an staid rollaithe is déanaí ar leibhéal na scoile aonair maidir le heolas agus cinnteoireacht faoi leas a bhaint as acmhainn ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta.

Faisnéis faoi chóiríocht chónaithe do theaghlaigh ón Úcráin:
Tá sé molta don Roinn ag an Roinn Leanaí, Comhionannais, Lánpháirtíochta, Míchumais agus Óige, atá freagrach as cóiríocht éigeandála a sholáthar do dhaoine atá ag teacht ón Úcráin, go bhfuil daoine á gcur i gcóiríocht ghearrthéarmach, shealadach ar bhonn éigeandála ar dtús. Moltar do scoileanna, mar gheall ar an gcás éigeandála, go mb'fhéidir go mbeadh ar theaghlaigh a suíomh a aistriú chun cóiríocht níos fadtéarmaí a rochtain ar ghearrfhógra.

Hubert Loftus
Ceann an Aonaid Pleanála agus Tógála